www.xtrapapers.com

Rewarding Learning

Uimhir Lárionaid

| 71 | |
|---|---|

Uimhir Iarrthóra

General Certificate of Secondary Education
2013–2014

# Eolaíocht: Teastas Singil

## Aonad 2 (Ceimic)

## Bonnsraith

**[GSS21]**

GSS21

**DÉ MÁIRT 25 FEABHRA 2014, MAIDIN**

**AM**

1 uair an chloig.

**TREOIR D'IARRTHÓIRÍ**

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra sna spásanna chuige sin ag barr an leathanaigh seo.
Scríobh do fhreagraí sna spásanna chuige sin sa scrúdpháipéar seo.
Freagair **gach ceann** de na **deich** gceist.

**EOLAS D'IARRTHÓIRÍ**

Is é 60 an marc iomlán don pháipéar seo.
Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa i gCeist **9(b)**.
Léiríonn figiúirí idir lúibíní ar thaobh na láimhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist.
Tá Bileog Shonraí, ina bhfuil Tábla Peiriadach na nDúl, ar fáil le húsáid leis an pháipéar seo.

| Don Scrúdaitheoir amháin | |
|---|---|
| **Uimhir Ceiste** | **Marcanna** |
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| 7 | |
| 8 | |
| 9 | |
| 10 | |
| **Marc Iomlán** | |

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

1 **(a)** Anseo thíos tá roinnt ábhar agus na húsáidí acu.

Línte in úsáid agat, meaitseáil gach ábhar le príomhúsáid **amháin** aige.
Tá an chéad cheann déanta.

| **Ábhar** | **Úsáid** |
|---|---|
| | droichid |
| polaitéin | éadaí |
| cadás | fuinneoga |
| gloine | eitleáin |
| iarann | málaí plaisteacha |

[3]

**(b)** Baintear úsáid as plaisteach le sreangú leictreach a chlúdach. Cad iad na hairíonna a fhágann go bhfuil plaisteach fóirsteanach don úsáid seo?

Ciorclaigh **dhá** fhreagra chearta.

**inslitheoir** **seoltóir** **solúbtha** **dlúth**

[2]

**(c)** Táirgeann roinnt ábhar airíonna nua nuair a laghdaítear méid an cháithnín acu.

Cad é an t-ainm a thugtar ar an chineál seo ábhair?

Roghnaigh ó:

**nana-ábhar** : **ábhar nádúrtha** : **ábhar cliste**

_______________________________________________ [1]

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**2** **(a)** Comhlánaigh an tábla thíos faoi roinnt substaintí tí.

| Substaint | Ceimiceán i láthair | Aigéad nó alcaile |
|---|---|---|
| sú líomóide | | aigéad |
| | aigéad eatánóch | aigéad |
| Milk of Magnesia | hiodrocsaíd mhaignéisiam | |

[3]

**(b)** Tá nicitín i dtoitíní. Is ceimiceán contúirteach é. Seasann an tsiombail ghuaise thíos don chontúirt seo.




© *Crown Copyright*

Ainmnigh an tsiombail ghuaise seo.

______________________________________________ [1]

**(c)** Tá alcaile láidir atá creimneach i nglantóir oighinn.

Comhlánaigh an tsiombail ghuaise thíos lena thaispeáint cad é a bheadh le feiceáil, dar leat, ar bhuidéal de ghlantóir oighinn.




[1]

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

3 Sa léarscáil thíos tá roinnt faisnéise ar phlátaí teicteonacha.





© CCEA

**(a)** Ainmnigh an tír, atá lipéadaithe thuas, **is mó** a mbeifeá ag dúil le brúchtadh bolcánach inti. Mínigh do fhreagra.

[2]

Taispeánann an léaráid thíos brúchtadh bolcánach.



© iStockphoto/Thinkstock

**(b)** Lipéadaigh na codanna den bholcán a thaispeántar thuas.

Roghnaigh ó:

**magma : laibhe : pláta teicteonach : dusta agus luaithreamhán**


[3]

**(c)** Ainmnigh an cineál carraige a fhoirmítear i ndiaidh brúchtadh bolcánach.

[1]

www.xtrapapers.com

4 Taispeánann an pictiúr thíos rópa atá in úsáid i léim buinsí. Caithfidh an rópa a bheith láidir agus roinnt leaisteachais a bheith ann.


© iStockphoto/Thinkstock

Anseo thíos tá roinnt faisnéise ar pholaiméirí arbh fhéidir iad a úsáid don rópa.

| Polaiméir | Leáphointe/°C | Éifeacht na gréine | Airíonna eile | Costas sa kg/£ |
|---|---|---|---|---|
| níolón | 220 | déantar damáiste go furasta | láidir agus iontach leaisteach | 0.6 |
| poileistear | 260 | gan damáiste ar bith | láidir agus measartha leaisteach | 2.0 |
| polapróipéin | 160 | gan damáiste ar bith | láidir agus níl sí leaisteach | 0.3 |

Cé acu polaiméir atá ainmnithe sa tábla arb í an ceann is fóirsteanaí í le rópa buinsí a dhéanamh. Mínigh do fhreagra.

Polaiméir ______________________________ [1]

Míniú ______________________________

______________________________


______________________________ [2]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

www.xtrapapers.com

Scrúdaitheoir Amháin
Marcanna | Athmharc

**5** Taispeánann an grianghraf thíos na dúile maignéisiam agus ocsaigin ag imoibriú le chéile le hocsaíd mhaignéisiam a fhoirmiú.



© *Charles D Winters/Science Photo Library*

**(a)** Tá roinnt ráiteas thíos faoi mhaignéisiam. Ticeáil (✓) an **dá** ráiteas atá ceart.

Is féidir go mbeidh do Bhileog Shonraí úsáideach anseo.

| **Ráiteas** | **Ticeáil (✓)** |
|---|---|
| Is miotal alcaile é maignéisiam. | |
| Is miotal cré-alcaileach é maignéisiam. | |
| Is neamh-mhiotal é maignéisiam. | |
| Is é 12 uimhir adamhach maignéisiam. | |
| Is é 24 uimhir adamhach maignéisiam. | |

[2]

**(b)** Cuirtear síos ar ocsaíd mhaignéisiam mar chomhdhúil. Cad é a chiallaíonn an téarma comhdhúil?

______________________________________________

______________________________________________ [2]

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(c)** Cad é an fhoirmle cheimiceach d'ocsaíd mhaignéisiam?

Ciorclaigh an freagra ceart.

**$MgO_2$** **MgO** **$Mg_2O$**

[1]

**(d)** Is comhdhúil eile de mhaignéisiam í sulfáit mhaignéisiam. Is é $MgSO_4$ an fhoirmle cheimiceach do shulfáit mhaignéisiam.

**(i)** Cá mhéad dúil dhifriúil atá i sulfáit mhaignéisiam?

_______________________________________________ [1]

**(ii)** Cá mhéad adamh atá léirithe san fhoirmle seo?

_______________________________________________ [1]

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

6 Taispeánann an tábla thíos faisnéis ar thrí charraig dhifriúla.

| | **Aolchloch** | **Eibhear** | **Gaineamhchloch** |
|---|---|---|---|
| Costas an chairéalaithe | íseal | ard | íseal |
| Úsáideacht mar ábhar tógála | maith | maith | maith |
| Úsáideacht mar amhábhar do thionscal na gceimiceán | iontach maith | olc | olc |
| Éascaíocht le cruth a ghearradh as | éasca | deacair | éasca |
| Éifeacht báisteach aigéadach agus aimsire | imoibríonn go mall | gan éifeacht ar bith | gan mórán éifeachta |

**(a)** Cé acu **dhá** cheann de na carraigeacha atá ainmnithe thuas ar carraigeacha dríodair iad?

_______________ agus _______________ [1]

**(b)** Cé acu carraig arbh fhearr í le gearradh agus le húsáid mar leaca pábhála sa ghairdín? Mínigh do fhreagra ina iomláine.

_______________

_______________

_______________

_______________ [3]

www.xtrapapers.com

**LEATHANACH BÁN**


**(Leanann ceisteanna ar an chéad leathanach eile)**

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

7 Iarradh ar dhalta imscrúdú a dhéanamh ar an dóigh ar athraigh an pH le linn an imoibrithe idir aigéad hidreaclórach agus hiodrocsaíd sóidiam. Cuireadh tuaslagán hiodrocsaíd sóidiam le 25 $cm^3$ d'aigéad hidreaclórach caol agus baineadh úsáid as braiteoir pH leis an pH a thaifeadadh.

Taispeántar na torthaí sa ghraf thíos.




**(a)** An graf in úsáid agat, luaigh:

**(i)** pH an aigéid hidreaclóraigh sular cuireadh hiodrocsaíd sóidiam leis.

_______________________ [1]

**(ii)** toirt na hiodrocsaíde sóidiam a bhí de dhíth leis an aigéad a neodrú.

_______________________ $cm^3$ [1]

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(b)** D'fhéadfadh an dalta tuaslagán táscaire uilíoch a úsáid fosta le himscrúdú a dhéanamh ar an athrú pH.

**(i)** Cad é an dath atá ar tháscaire uilíoch i dtuaslagán neodrach?


______________________________________________ [1]

**(ii)** Luaigh buntáiste **amháin** a bhaineann le braiteoir pH seachas táscaire uilíoch a úsáid sa turgnamh seo.

______________________________________________ [1]

www.xtrapapers.com

**8** Taispeánann an graf thíos dlús gach dúile den chéad naoi ndúil déag den Tábla Pheiriadach.




Bain úsáid as an ghraf agus as do Bhileog Shonraí leis na ceisteanna seo a leanas a fhreagairt.

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(a)** Cad é dlús na dúile le huimhir adamhach 3?

_______________ $g/cm^3$ [1]

**(b)** Ainmnigh an dúil leis an dlús is airde agus luaigh an grúpa den Tábla Pheiriadach lena mbaineann sí.

Ainm _______________ Grúpa _______________ [2]

**(c)** Luaigh luach do dhlús na dúile le huimhir adamhach 20.

_______________ $g/cm^3$ [1]

**(d)** Cad é a bhíonn i gcoitianta ag na dúile is ísle dlús.

Ticeáil (✓) an freagra ceart.

☐ Is miotail uilig iad.

☐ Is gáis uilig iad.

☐ Tá siad uilig sa ghrúpa chéanna den Tábla Pheiriadach. [1]

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

9 Is féidir cur síos a dhéanamh ar uisce go bhfuil sé crua nó bog.

**(a)** Cad é a chiallaíonn an téarma uisce crua?

______________________________________________

______________________________________________ [2]

**(b)** Is limistéar uisce crua é Fear Manach. Luaigh na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann le huisce crua do na daoine agus don limistéar. Ba chóir go gcuimseodh do fhreagra cad é is cúis le huisce crua agus modh amháin le huisce crua a dhéanamh bog.

**Sa cheist seo measúnófar thú ar scileanna na cumarsáide scríofa agat ar a n-áirítear úsáid saintéarmaí eolaíocha.**

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [6]

www.xtrapapers.com

Scrúdaitheoir Amháin

| Marcanna | Athmharc |
|---|---|

**10** Rinne dalta imscrúdú ar an imoibriú idir hidrigincharbónáit sóidiam agus aigéad hidreaclórach. Bhain sé úsáid as an fhearas a thaispeántar thíos le mais an eascra agus a inneachair a thomhas ar feadh seacht nóiméad. Táirgeann an t-imoibriú dé-ocsaíd charbóin.




© Andrew Lambert Photography/Science Photo Library

Taispeántar a chuid torthaí sa tábla.

| **Am/nóim** | 0 | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Mais eascra agus inneachair/g** | 80 | 69 | 64 | 61 | 59 | 58 | 58 | 58 |

**(a)** Breac na pointí seo ar an eangach thíos agus tarraing cuar an oiriúnaithe is fearr.




[3]

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(b)** Cad é mar a bhí a fhios ag an dalta go raibh an t-imoibriú críochnaithe?

______________________________ [1]

**(c)** Comhlánaigh an chothromóid focal don imoibriú seo.

hidrigincharbónáit sóidiam + aigéad hidreaclórach → dé-ocsaíd charbóin + ☐ + ☐

[2]

**(d)** Cuir síos ar an tástáil cheimiceach a úsáidtear le dé-ocsaíd charbóin a shainaithint agus luaigh an toradh a mbeifeá ag dúil leis.

______________________________

______________________________ [2]

**(e)** **(i)** Ríomh an t-athrú sa mhais le linn an imoibrithe seo.

______________ g [1]

**(ii)** Mínigh cad chuige ar athraigh an mhais le linn an imoibrithe.

______________________________

______________________________ [1]

**(f)** Déanann an dalta an turgnamh arís ag baint úsáid as aigéad eatánóch, atá níos laige, seachas aigéad hidreaclórach.

Cuir síos ar chosúlacht **amháin** agus ar dhifríocht **amháin** a bheadh le feiceáil le linn imoibriú gach ceann de na haigéid seo le hidrigincharbónáit sóidiam.

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________ [2]

www.xtrapapers.com

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.